# An Ċéad Ċuairt Easpag in Árainn Ṁóir

(Ar lean. ó leat. 1)

Gaeilge ar fad. Ba mór an bród, agus an tógáil croí a ḃí orainn, a ḟeiceáil, go ḃfuil an Creideaṁ agus teanga ár sinsear comċeangailte in Árainn, agus is mar daoi-mullaí, agus mar ḃárr bua ar an comċeangal sin, tusa, a Ṫiarna Easpag, a ḃeiṫ ag taḃairt an ċuairt seo ar ár gColáiste anois.

Beimíd ag urnaí gur fada do réim mar Ċomarba Aḋamnáin i nDeoise Ársa Raṫboṫ, an Deoise is mó a ḃfuil Gaeltaċt ann, in Éirinn uile. Agus tá súil againne, pobal óg na hÉireann, go mbeiḋ an Ġaeltaċt sin ag neartú agus ag leaṫnú faoi do réim-sa go dtí go mbeiḋ iomlán Dún na nGall i n-a Gaeltaċt, agus gléas beaṫa le fáil ag pobal na Gaeltaċta sa ḃaile in Éirinn.

Glacaimíd fíor ḃuíoċas ó ċroí leat a Ṫiarna Easpaig, as an onóir mór seo a ṫug tú dúinn, ⁊ beimíd ag urnaí gur fada do réim i nDeoise Raṫboṫ, agus go dtaḃarfaiḋ Dia gaċ taca is fearr ná a ċéile díḃ.

Sinne, le meas mór,

**Scoláirí agus Foireann**

**Coláiste Cróna.**

Ṫar cionn ṁuintir an Oileáin, laḃair Aidan Ó Gallċoḃair, B.A., agus dúirt sé gur ócáid mór aige muintir an oileáin agus ag Muintir na Gaeltaċta an ċuairt seo ón Easpag go h-Árainn. An ċéad ċuairt ariaṁ ċoṁ fada ⁊ a ṫiocfaḋ le duine ar biṫ a ḋéanaṁ amaċ, a ṫug Easpag ar Árainn, taoḃ amuiġ de ġnáṫ cuairteanna Creidiṁ. Ṫuig siad go maiṫ gur mar meas ar obair Ċoláiste Cróna a ḃí an ċuairt seo, agus ḃí siad buíoċ agus mórtasaċ dá ḃárr.

Ba mór an rud a ḃí déanta ag Coláiste Cróna le cuidiú le pobal Árann, agus ḃí an buíoċas ag Muintir an Oileáin agus Muintir na Gaeltaċta gaċ áit, ar Ṗeadar Ó Ceallaiġ, as an obair a rinne sé, ag cur Coláiste Cróna ar bun, agus dá stiúrú. Ḃí an Coláiste ag dul ar soċar do gaċ duine ar an Oileán ar ḃóiġ nó ar ḃóiġ eile. Ḃí lúṫġáir ar leiṫ orṫa anois go dtug an tEaspag an ċuairt seo ar Árainn, agus gur ṫaispeáin sé an meas a ḃí aige ar a gcuid oibre agus an suim a ḃí aige i Muintir na Gaeltaċta. (Bualaḋ bos).

Laḃair Brian Ó Gallċoḃair, O.S., Príoṁ-Oide Scoil Leaḃ Garḃ, ṫar ċeann múinteoirí na coláiste agus múinteoirí an oileáin, agus dúirt sé go dtug Raṫboṫ agus Dúna n nGall Colm-cille do Ḋoire sa tsean am. ⁊ anois, naċ raiḃ sé aċ ceart agus cóir go ndéanfaḋ Doire an comar a ais-íoc agus ḃí siad dá ḋéanaṁ sin, nuair a ṫug siad an Dr. Sár-Oirṁinneaċ Mac Fiṫċille mar Easpag do Raṫboṫ.

Ḃí lúṫġáir ar leiṫ ar na múinteoirí — múinteoirí Ċoláiste Cróna roiṁ an ċuairt seo ó'n Easpag, agus ḃeaḋ sé mar spreagaḋ agus mar misneaċ acu insan obair a ḃí siad a ḋéanaṁ.

Laḃair an tAṫair Ó Friġil, S.C, Rúnaí an Easpaig, agus dúirt sé gur mór ag an Easpag an fáilte seo a cuireaḋ roiṁe inniu. agus gur maiṫ leis a ṡuim a ṫaispeáint in obair na gColáistí Gaeilge ar fud Dún na nGall, agus go raiḃ suim ar leiṫ aige san obair a ḃí dá ḋéanaṁ in Árainn Ṁór.

Níor stráinséar ar biṫ é féin in Árainn Ṁór, adúirt an tAṫair Ó Friġil, mar ba iomaḋ uair a ḃí sé ag snáṁ ar an Leaḃ Garḃ —ceann de na tránna ba deise fá ċoinniḃ snáṁ dá raiḃ ar fáil in giṫ ar biṫ. Ḃí aiṫne agus eolas aige ar ṗobal Árann, agus ḃí fios aige gur pobal Críostaí iad, agus pobal Gaelaċ, agus ba ṁaiṫ leis go raiḃ an Coláiste ag cuidiú le saoṫrú a ṫaḃairt díoḃa sa ḃaile.

Ag críoċnú an ċruinniṫe. dúirt Peadar Ó Ceallaiġ, go mbeaḋ meas agus buíoċas acu ar an Easpag, as an ċuairt seo, iá ní b'ḟuide anonn, agus go mbeaḋ siad uiliġ ag urnaí gur fada a réim mar ċomarba ar Naoṁ Aḋaṁnáin, agus mar stiúrṫóir ar Faiṫċe Raṫboṫ, agus ar Ġaeltaċt Dún na nGall. (Bualaḋ bos).

Taréis an ceiliúraḋ, tugaḋ céilí speisialta do na scoláirí in onóir do ċuairt an Easpaig agus ḃí béile oifigiúla in Teaċ Ósta an Ġleanna don Easpag, agus a ṗáirtí, agus foireann Ċoláiste Cróna.

Ar a ḋul isteaċ go dtí an tí ósta, cuireaḋ uaiméir an tí ósta, Pilib Ó Baoill, in aiṫne don Easpag, agus 'na ḋiaiḋ sin, a bean agus a ṁáṫair, agus foireann an tí ósta, agus ṫug an tEaspag a ḃeannaċt dóiḃ go léir.

Ag deireaḋ an ceiliúraḋ ṫionlac Sagart an Oileáin, an tAṫ. Mac Grianra, agus Peadar Ó Ceallaiġ, Uaċtarán an Ċoláiste, an tEaspag amaċ go Ailt an Ċorráin, áit ar ċuireadar slán leis.

Ba mór an lá gáirdeaċas agus áṫas é do ṗobal Árann, agus do ṁuintir Ċoláiste Cróna.

An lá céanna, ṫug an t-Easpag cuairt oifigiúil ar Rann na Feirste, agus ċuaiġ sé isteaċ in halla na Coláiste, agus laḃair sé le cruinniú de na scoláirí.

D'ḟáiltiġ Pádraig Mac na Mi, Uaċtarán an Ċoláiste, roiṁe,, ṫar ċeann Coláiste Bríde. Ṫug an t-Easpag a ḃeannaċt do ṁúinteoirí agus scoláirí na Coláiste agus pobal an ḃaile, agus 'na ḋiaiḋ sin, ḃí béile aige i dteannta oifigí an ċoláiste.

An tráṫnóna céanna, ṫug an tEaspag cuairt ar Coláiste Muire, Loċ an Iubar, áit ar ḟáiltiġ an tAṫair Ó Dúnṡléiḃe, Uaċtarán na Coláiste, roiṁe, agus ar laḃair Pádraic Ó Garḃaiġ ṫar ċeann muintir na h-áite ⁊ daoine eile ṫar ċeann scoláirí na coláiste.

Ṫug an tEaspag cuairt ar na h-ionaid ar leiṫ i gColáiste Ċolmcille, Gaot Doḃair, áit a raiḃ na ranganna ar siúl an lá céanna, ċoṁ maiṫ le cuairt a ṫaḃairt ar Coláiste Ḟinéin, Falcarraċ agus Coláiste Ulaḋ, Gort a' Ċoirce, an ḟiṫ a raiḃ an ġáirdeaċas agus fáilte roiṁe, ag scoláirí, múinteoirí agus pobal na Gaeltaċta.

Dé hAoine na ḋiaiḋ sin, an 23ú lá, ṫug an tEaspag agus an tAṫair Ó Friġil cuairt ar an Ċoláiste Gaeilge ag Baile na Finne, áit ar ḟáiltiġ an t-Aṫair Mac Ḟloinn rompa, ag na Cruaċa áit a ḃfuil ionad taiġde ar Ġaeilg na gCruaċa ar siúl, faoi ċoimirce Ċomaltas Ulaḋ. D'ḟáiltiġ an tAṫair Ó Friġil, S.C., Éadan Anfa, rompa.

Níos moille san tráṫnóna, ċuaiġ siad ar aġaiḋ go dtí an Ċarraig, agus ṫug siad cuairt ar Ċoláiste Naoṁ Bricín, Teileann. Ċuir an tAṫair Mac an tSagairt fáilte croíúil roiṁ an Easpag, agus laḃair an tEaspag leis na scolairí agus na múinteoirí, ⁊ pobal Teileann.

Tá cuid mór cainte ar fad ar siúl faoi cuairteanna seo an Easpaig ar na Coláistí Gaeilge, agus tá gáirdeaċas agus lúṫġáir, agus éirí in áirde, agus tógáil croí ar luċt Gaeltaċta Dún na nGall, go ḃfuil an t-Easpag ag taispeáint, ċoṁ lua ina réim, an suim atá aige i gcúrsaí na Gaeltaċta agus ins na rudaí a ċuidios le leas na Gaeltaċta.

# Ard-Eaglais Nua na Gaillime

Éistigí liom a ċáirde, agus druidigí anall liom
Go ndéanfaiḋ muid caint agus tráċta
'Ar nDóiġ i dtaoḃ an scéil;
Tugaḋ muid ár mbuíoċas suas ag Rí na nGrásta
Go ḃfuil bród agus áṫas anois i gcroí gaċ Gaeil.

An scéal seo a ḃfuilim a' tráċt air,
Líonann sé ár gcroí le h-áṫas,
Ar an obair ḃeannaiṫe ḃreá seo
Atá tóigṫe suas ċun Dé.
Tugaḋ muid ár mbuíoċas dár n-Easpag Naofa,
Urramaċ, Sár-Oirṁideaċ, sé siúd An Dr. Brún.

Mar 'sé a ċuir tionscailt is buntúsa,
Leis an obair ḃeannaiṫe nua seo
A ḃfuil caint is cáil is clú uirṫi
Is go mairiḋ sí go buan.
Siúd í an Ard-Eaglais Naofa
Atá tóigṫe anois go gróiúil;
Tá sí in áit an ṗríosúin
A ḃí i nGaillim tráṫ den tsaol.

Le h-áilleaċt agus míneaċt, a' dearcaḋ ar an obair naofa,
Tá sí tóigṫe le toġa ċloċa aoile
Is iad gearrṫa ó láiṁ a' tsaoir;
Iad siúd curṫa go dlúṫ le ċéile
Ag sár-ċeardaiṫe na hÉireann,
Tá sí tóigṫe ar toġa "foundation"
Naċ scarfaiḋ go deo ná 'ċoíċe.

Le gné agus le h-áilleaċt, le scéiṁ agus le breáṫaċt,
Ó Ard-Eaglaisí Críċ' Fáile do ṫug sí léi an ċraoḃ;
Naċ mé anois atá buarṫa naċ ḃfuil mé i m' ḋíol stuama,
Is m' intleaċt ró-ṡuaraċ le n-í a ṁolaḋ mar is dual:
Nuair naċ ḃfuil mise in ann é sin a ḋéanaṁ.
Fágaim ag luċt léinn é is ag sár-ċeardaiṫe na hÉireann
A ṁolaḋ a ċur i ḃfuaim.

Míle buíoċas le Rí na nGrásta
Go ḃfuil an t-am anois ar fáil a'inn
Go ḃfuil Eaglais Naofa Dé na nGrásta
A' fáilt creidiúint ins gaċ ceárd,
Go ḃfuil gaċ náisiún ag éirí práinneaċ
'S go ḃfuil siad a' taḃairt a ngrá di,
Agus is fada é aċ is gearr é an cáirde
Go mbeiḋ sí go glórṁar is go láidir
Mar ḃí sí i dTír na hÉireann
Sa tsean-aimsir fadó.

Mar is fadó ó cuireaḋ síos dúinn
Ag na scríoḃnóirí naofa
Go mbeiḋ an cine daona fós
Faoi aon ṫréadaí naofa aṁáin.

**Míċeál Ó Síoda.**

## Níos Eolaí

Ḃí fógra ṫuas ar ṫaoḃ an ḃóṫair, san áit a raiḃ fir oibre ag deisiú an ḃóṫair. Scríofa air i litreaċa móra ḃí na focla seo: "FIR AG OBAIR".

Ṫáiniġ scaifte gasúir oíċe aṁáin ag dul ó ṡolas dó agus d'aṫraiġ siad na foclaí in gan fios don luċt oibre agus seo an rud a ḃí scríofa aca mar fógra: "FIR AG ÓL TÉ".

**Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.**

**De hAoine** — 5.01, Children At The Microphone. 5.25, The Adventures Of Huckleberry Finn. 5.55, Weather Forecast. 6.00, Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal On Dochtuir. 6.30, News. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Bandstand. 8.01, Ceili Music From Glasgow. 8.15, Melody From Munster. 8.45, Athair Na Ceimice Meiriceanai. 9.01, Symphony Concert. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Around The Town. 11.00, Out Of A Dream. 11.30, News Summary.

**De Sathairn** — 5.01, Organ Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint An tSathairn. 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, Who's News? 7.15, Sweet And Ceolmhar. 7.45, Choirs From The Cork International Choral Festival 1965. 8.01 Dear Sir Or Madam. 8.30, Not So Green. 9.01, World Of Operetta. 9.45, Dick Haymes Sings. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Ceili House. 11.30, News Summary.

**De Domhnaigh** — 10.25, Weather Forecast. 10.30, High Mass. 11.15, Signpost. 11.30, Church Of Ireland Service Of Morning Prayer. 12.30 Survey. 1.00, Not So Green. 1.30, News. 1.35, Provincial News Round-Up. 2.00, Town Hall Tonight. 2.45, Topic. 3.15, Irish Dance Music. 3.25, Leinster Hurling Final Kilkenny v. Wexford. 4.05, (approximately) Connacht Football Final - Galway v. Sligo. 4.35, (approx.) Leinster Hurling Final (contd.). 4.45, (approx.) Connacht Football Final (contd.). 5.05, (approx.) Down The Country. 5.55 Weather Forecast. 6.00, Angelus. 6.01, Nuacht Anall, Nuacht Abhus. 6.25, Appeal On Behalf Of The Children's Sunshine Home, Stillorgan. 6.30, News. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15 Anything Goes. 7.45, Public And Private Faces. 8.15, Philadelphia, Here I Come!. 10.00, Newspoint. 10.20, News. 10.35, Music Of The Nation. 11.05, Recital. 11.35, News Summary.

**De Luan** — 5.01, Out Of Doors. 5.15, Records For Children. 5.25, The Adventures Of Huckleberry Finn. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint An Luain. 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests From The Irish Troops Overseas. 7.30, Question Time In Cork. 8.00 The Race They Couldn't Win. 8.30, How To Take Care of Your Property. 9.00, The R-E-L-O Goes Dutch. 10.00, Nuacht. 10.15 News. 10.30, Songs In The Night. 10.45, City Newsreel. 11.30, News Summary.

**De Mart** — 5.01, Ceol Rinnce. 5.15, The Little White Dog. 5.30, Mol An Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Mairte. 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, Requests From Overseas. 7.15 This Is Your Business. 7.45, Irish Part Songs. 8.01, A Woman's World 8.30, The Famous Cases Of Dr. Thorndyke. 9.01, Symphony Concert. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Ad Lib. 11.30, News Summary.

**De Ceadaoin** — 5.01, Yips And Roko. 5.15, Stories From The Ballet. 5.30, Birthday Time. 5.45, Records For Children. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Ceadaoine. 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, Take The Floor From Belfast. 7.30, Break For Music. 8.01, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.01, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Today In The Seanad 10.45, Try A Little Tenderness. 11.00, Pop Call. 11.30, News Summary. 11.33 (approx.) Pop Call. 12.00, Late Sports Results.

**Deardaoin** — 5.01, An Lampa Draiochta. 5.15, Books For Boys And Girls. 5.30, Wild And Woolly. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's The Doctor. 6.30, News. 6.45, Question Time In Cork. 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, An Cnota Glas. 8.01, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.01, Modern Anthology 9.15, Half In Jest. 9.45, An Cheilt Seo Ar Shloinnte Ghael. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Today In The Seanad. 10.45, Recital. 11.00, Romantic Music Of Tchaikovsky. 11.30, News Summary

## Taoide Barrlán

**Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.**

| Dáta | Ard Na Caithne | | Carna | | Ára Mhór | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 31-7-65 | 8.56 | 21.08 | 8.13 | 20.25 | 7.02 | 19.29 |
| 1-8-65 | 9.39 | 21.52 | 8.56 | 21.09 | 7.46 | 20.16 |
| 2 | 10.24 | 22.39 | 9.41 | 21.56 | 8.33 | 21.02 |
| 3 | 11.12 | 23.29 | 10.29 | 22.46 | 9.20 | 21.50 |
| 4 | —— | 12.04 | 11.21 | 23.12 | 10.10 | 22.44 |
| 5 | 00.25 | 13.04 | 12.21 | —— | 11.06 | 23.45 |
| 6 | 1.33 | 14.14 | 00.50 | 13.31 | —— | 12.12 |
| 7-8-65 | 2.50 | 15.28 | 2.07 | 14.45 | 00.56 | 13.28 |
| 8 | 4.09 | 16.35 | 3.26 | 15.52 | 2.09 | 14.38 |
| 9 | 5.12 | 17.30 | 4.29 | 16.47 | 3.06 | 15.30 |
| 10 | 6.00 | 18.11 | 5.17 | 17.28 | 3.53 | 16.15 |
| 11 | 6.39 | 18.47 | 5.56 | 18.04 | 4.32 | 16.54 |
| 12 | 7.14 | 19.19 | 6.31 | 18.36 | 5.08 | 17.30 |
| 14-8-65 | 8.14 | 20.20 | 7.31 | 19.37 | 6.15 | 18.38 |
| 15 | 8.44 | 20.52 | 8.01 | 20.09 | 6.48 | 19.10 |
| 16 | 9.15 | 21.25 | 8.32 | 20.42 | 7.20 | 19.44 |
| 17 | 9.51 | 20.03 | 9.08 | 21.20 | 7.55 | 20.18 |
| 18 | 10.31 | 22.46 | 9.48 | 22.03 | 8.33 | 20.59 |
| 19 | 11.19 | 23.39 | 10.36 | 22.56 | 9.15 | 21.45 |
| 20 | 12.17 | —— | 11.34 | —— | 10.06 | 22.41 |